Teagasc ríomhchuidithe teangacha: An cur chuige in Ollscoil Uladh

Caoimhín Ó Dónaill, Ollscoil Uladh, Cúil Raithin

CÚLRA

Le roinnt blianta anuas tá Scoil na dTeangacha agus na Litríochta in Ollscoil Uladh ag fiosrú úsáid na teicneolaíochta i dteagasc teangacha (féach, mar shampla, Gillespie 2000, Barr & Gillespie 2003, Leakey & Ranchoux 2006, Ó Dónaill & Mac Coinnigh 2006). Infheistíodh i dteanglanna ilmheán ina ndéantar teagasc ar champas Dhoire agus i gCúil Raithin agus tá ceann eile beartaithe do champas Bhéal Feirste. Tá áislanna ilmheán ann chomh maith, mar a bhfuil fáil ag mic léinn ar áiseanna don staidéar neamhspleách, teilifíseáin agus seinnteoirí DVDanna/fístéipe, cartlann taifeadtaí, agus ríomhairí ar a bhfuil rochtain ar na hábhair a úsáidtear le linn ranganna sa teanglann.

Is éard atá sna teanglanna seo, seomraí ina bhfuil ríomhaire ag gach mac léinn mar chuid de líonra atá faoi stiúir máistir-ríomhaire agus áit ina dtig le mic léinn bheith ag obair ar réimse leathan tascanna ina n-aonar nó i ngrúpaí, go neamhspleách nó faoi stiúir. Tá cluasáin agus micreafón ag gach stáisiún agus glao-chnaipe le gur féidir leis na mic léinn cabhair a lorg ón teagascóir. Tá pacáiste iomlán *Windows XP* ar na ríomhairí ar fad agus roinnt bogearraí speisialta nó uirlisí ilmheán a bhaineann leas as ábhar digitithe ar nós téacsanna leictreonacha, físeán, comhad fuaime, chomh maith le teicneolaíochtaí idirlín. Tá dhá chóras in úsáid sna teanglanna seo in Ollscoil Uladh, *Robotel* (www.activa.co.uk) agus *Sony Virtuoso* (www.connectededucation.com).

Ar na feidhmeanna a sholáthraíonn na córais bhainistíochta ranga seo tá: (i) comhéadan fíorúil ar a bhfuil léarscáil den seomra a insíonn don teagascóir nuair atá mac léinn ag glaoch air agus a léiríonn don teagascóir cé leis a bhfuil sé/ sí ag caint (duine aonair, grúpaí nó an rang ar fad); (ii) agus roghchlár a rialaíonn na cineálacha teagmhála is féidir

leis an teagascóir a dhéanamh leis na mic léinn nó is féidir leis na mic léinn a dhéanamh lena chéile, mar shampla:

- an teagascóir ag craoladh físeáin, ag seinm comhad fuaime nó ag taispeáint suíomh idirlín don rang ar fad óna ríomhaire féin
- an teagascóir ag rialú mhéarchlár na mac léinn chun cabhair a thabhairt dóibh
- na mic léinn ag labhairt lena chéile i bpéirí nó i ngrúpaí
- an teagascóir ag craoladh sampla d'obair mic léinn ar leith don rang ar fad
- an teagascóir ag láinseáil feidhmchlár nó ag oscailt comhad ar son na mac léinn
- an teagascóir ag bailiú obair ranga ó na mic léinn ar fad le buille amháin cnaipe
- an teagascóir ag glasáil feidhmeanna ar leith ar nós an bhrabhsálaí nó an chomhadstórais lárnaigh ar ríomhairí na mac léinn le linn ranga nó scrúdaithe.

Chomh maith leis sin, tá trealamh digitithe sna teanglanna a chuireann ar chumas teagascóirí físeáin nó comhaid fuaime analógacha a dhigitiú, agus bogearraí ar nós *Pinnacle Studio* a ligeann dóibh eagarthóireacht a dhéanamh ar ábhar físe agus fuaime. Tá bogearraí speisialta sna teanglanna a thagann leis na córais bhainistíochta ranga, is é sin eagarthóirí ceachtanna, a ligeann don teagascóir ábhair theagaisc a chruthú as an bhunábhar digitithe seo, mar shampla, cleachtaí cluastuisceana, cleachtaí cainte, trialacha tuisceana, quizeanna srl.

Is féidir amharc ar na teanglanna ilmheán seo mar uasdátú ar na seanteanglanna analógacha agus, dáiríre, d'fhéadfadh duine ar bith a bhí cleachta leis na seanteanglanna sin aistriú go dtí an teanglann úr

agus na seanmhodhanna teagaisc agus na seanábhair theagaisc seo acu a úsáid gan mórán stró. Os a choinne sin, caithfear a aithint gur timpeallacht éagsúil ar fad atá sa teanglann ilmheán; ní leor na seanmhodhanna teagaisc agus na seanábhair theagaisc le tairbhe a bhaint as an fheidhmiúlacht ar fad atá ar fáil iontu.

Mar sin, tháinig dhá chuspóir le chéile nuair a fuaireamar na teanglanna ilmheán seo: bhíomar ag féachaint le modhanna agus le hábhair nua a cheapadh a bhainfeadh leas as na féidearthachtaí úra a bhí ar fáil sa teanglann ilmheán agus ag fiosrú úsáid na teicneolaíochta mar leigheas ar roinnt fadhbanna a bhraitheamar le fada i dtaca le cúrsaí teagaisc agus foghlama de, cuirim i gcás:

- easpa dul chun cinn i scríobh agus i labhairt na teanga, go háirithe i measc lucht na chéad bhliana ar na cúrsaí fochéime lánaimseartha
- easpa rannpháirtíochta le linn ranganna teagaisc agus ranganna comhrá
- easpa áiseanna a bhí oiriúnach don teagasc ar an tríú leibhéal agus don staidéar neamhspleách.

Trí bliana ó shin cuireadh bonn níos seasta faoin obair seo nuair a fuair an ollscoil maoiniú cúig bliana ón Roinn Fostaíochta agus Foghlama le hIonad um Fheabhas i dTeagasc Ilmheán Teangacha a bhunú i gcomhar idir Roinn na Fraincise agus Roinn na Gaeilge (féach www.arts.ulster.ac.uk/lanlit/cetl/background/index.html), a raibh na haidhmeanna ginearálta seo aige:

- feabhas sa teagasc a fhorbairt agus a aithint agus nuálaíocht in úsáid acmhainní ilmheán a spreagadh
- úsáid acmhainní ilmheán a mheascadh le teagasc duine le duine chun timpeallacht spreagúil a chruthú a éascaíonn an fhoghlaim do mhic léinn

- taighde agus luacháil a dhéanamh ar éifeachtacht an teagaisc i dtimpeallacht ilmheán
- comhoibriú lenár gcomhghleacaithe san ollscoil seo againn féin agus in institiúidí eile tríú leibhéal lenár ndea-chleachtas a roinnt lena chéile.

Úsáideadh an maoiniú seo go príomha leis an fhoireann seo a leanas a fhostú: beirt teicneolaithe teanga, duine don Fhraincis agus duine don Ghaeilge, teicneolaí foghlama/bainisteoir tionscadail agus teicneoir lánaimseartha. Chomh maith leis sin bhí sciar maith den mhaoiniú le caitheamh ar chraobhscaoileadh dea-chleachtais, ar thaighde faoi dháileadh agus faoi úsáid na saotharlann ilmheán i dtuaisceart Éireann agus sa Bhreatain agus le bogearraí agus áiseanna a cheannach, a thriail agus a fhorbairt.

Chuathas i ngleic leis na fadhbanna thuasluaite trí roinnt eochairthionscadal a cheapadh a dhírigh ar na réimsí seo a leanas:

- gramadach & cumas scríofa
- scileanna cumarsáide & cumas labhartha
- staidéar foghraíochta & fuaimniú na Gaeilge
- Léann an Aistriúcháin
- ullmhúchán don bhliain thar lear (Fraincis amháin)
- teangaireacht.

Tá cur síos anseo thíos ar cheithre rang teagaisc éagsúla sna cúrsaí Gaeilge ar an bhunchéim lánaimseartha ar champas Chúil Raithin atá lonnaithe sa teanglann ilmheán. Tá an dá rang a phléann leis an chéad bhliain san áireamh sna trí huaire an chloig a chaitear ar an teanga sna modúil éigeantacha chéad bhliana, IRS101C1 Teanga agus Litríocht na Gaeilge 1 agus IRS102C2 Teanga agus Litríocht na Gaeilge 2. Pléann

an dá rang eile leis an dara bliain, ceann amháin atá mar chuid de na trí huaire an chloig a chaitear ar an teanga sa mhodúl éigeantach dara bliain, IRS302C2 Teanga agus Litríocht na Gaeilge 2, agus an ceann eile mar chuid den mhodúl roghnach IRS312C2, Léann an Aistriúcháin.

Múintear na ranganna seo sa teanglann ilmheán, is é sin, tugtar faoi na gníomhaíochtaí ar fad faoi stiúir an teagascóra. Má tá obair bhreise le déanamh taobh amuigh de na ranganna seo bíonn ábhair theagaisc agus roinnt mhaith d'fheidhmiúlacht na teanglainne ar fáil san áislann, áit do mhic léinn a bhíonn ar oscailt ó 9.00 go 22.00 i rith an téarma teagaisc. Tá an tríú timpeallacht foghlama ann, an Timpeallacht Foghlama Fhíorúil - *WebCT Vista*, atá go hiomlán idirlíon-bhunaithe. Is limistéar foghlama é seo atá ar fáil do mhic léinn chláraithe na hOllscoile ó áit ar bith ar domhan. Tá sé eagraithe de réir modúl, agus tacaíonn sé leis an teagasc ar chuid mhór bealaí, mar shampla, is féidir nótaí léachta a chur ann, eolas faoi obair chúrsa srl., tá fóraim chumarsáide ann idir fhóraim scríofa agus fhóraim bhéil, agus tá uirlisí measúnaithe ann ar nós cineálacha éagsúla quizeanna, suirbhéanna agus araile.

Eiseamláir 1: Teagasc na Gramadaí – Bliain 1

Nuair a thagann mic léinn chun na hollscoile ar dtús bíonn an-éagsúlacht ina measc ó thaobh cumais, agus stíleanna foghlama agus ó thaobh na taithí atá acu ar theangacha a fhoghlaim. Is iad na cuspóirí a bhí leis an chur chuige sna seisiúin ríomhchuidithe ghramadaí seo:

- na mic léinn a bheith níos gníomhaí le linn ranganna gramadaí
- bealach a fháil le go mbeadh an teagascóir in ann laigí a aimsiú go gasta agus idirghabháil thráthúil a dhéanamh
- áiseanna idirghníomhacha a chruthú a bheadh éifeachtach sa seomra ranga agus don staidéar neamhspleách

- foghlaim na gramadaí a éascú do mhic léinn agus iad a spreagadh
- an t-ualach ceartúcháin a laghdú do theagascóirí.

Úsáidtear trialacha cumais chun leibhéal cumais gach mac léinn a mheas. Reáchtáiltear na trialacha sin tríd *WebCT Vista* mar go gceartaíonn sé na scripteanna agus go ndéanann sé taifead ar na marcanna go huathoibríoch. I bhfianaise na dtorthaí, cuirtear an cúrsa gramadaí in oiriúint do na mic léinn chun féachaint chuige go ndírítear ar na laigí sin agus an siollabas á theagasc. Sna ranganna gramadaí tugtar léacht ghairid, thart ar fhiche nóiméad, do na mic léinn ar phointe gramadaí agus bíonn deis acu cleachtadh a dhéanamh ina dhiaidh sin ar feadh timpeall leathuair an chloig. Má tá caoga ceist, mar shampla, sa chleachtadh, déanann gach mac léinn gach ceist agus ceartaíonn an ríomhaire iad, fad is atá an teagascóir ag déanamh feitheoireachta orthu agus ag tabhairt cuidiú do na daoine is mó a bhfuil an cuidiú de dhíth orthu. I gcuid mhaith de na cleachtaí seo is féidir leis na mic léinn cliceáil ar nasc chun teacht ar threoracha a chuidíonn leo an ceacht a dhéanamh. I gcaitheamh na bliana, mar sin, tógtar tacar cleachtaí a bhíonn ar fáil do na mic léinn faoi choinne staidéar neamhspleách a dhéanamh san áislann. Dearadh na trialacha cumais sa Timpeallacht Foghlama Fhíorúil agus úsáideadh an áis cheapadóireachta *Hot Potatoes* (féach http://hotpot.uvic.ca/) leis na cleachtaí gramadaí a dhearadh (le haghaidh cur síos measartha cuimsitheach ar áiseanna agus ar fheidhmchláir cheapadóireachta den chineál seo, féach Godwin-Jones 2007).

Tar éis an chéad téarma inar triaileadh an cur chuige seo, scaipeadh ceistneoirí chun tuairimí na mac léinn a lorg. Ar an iomlán, mhol siad é, ag rá gur chuidigh na cleachtaí leo rialacha gramadaí a fhoghlaim, gur aithin siad a gcuid meancóg láithreach agus gur thaitin na treoracha gramadaí a bhí ar fáil taobh leis na cleachtaí leo. Shíl siad den chuid is mó go raibh na léachtaí furasta a leanúint agus gur mhór an cuidiú é na nótaí gramadaí agus na cleachtaí a bheith ar fáil taobh amuigh den

rang. Os a choinne sin, shíl cuid acu gur laghdaigh intuarthacht an chur chuige ó sheachtain go seachtain ar éifeacht na ranganna agus go raibh siad ag caitheamh barraíocht ama os comhair ríomhairí, rud a d'fhág gur eispéireas neamhphearsanta a bhí ann, dar leo.

Ó thaobh an teagascóra de, braitheadh gur shaor na cleachtaí féincheartaithe iad le cuidiú níos pearsanta a thabhairt do na mic léinn agus le tuiscint níos fearr a fháil ar dhul chun cinn gach mac léinn aonair ó thús go deireadh an téarma. Tá an cur chuige seo á fhorbairt ar bhonn leanúnach i gcomhpháirt leis na mic léinn; níl aon amhras ann, áfach, ach gur feabhas ar an seanchur chuige atá ann agus gur dócha go dtiocfar ar an mheascán cheart d'úsáid na teicneolaíochta agus de mhodhanna traidisiúnta trí phróiseas leanúnach coigeartaithe agus measúnaithe.

Eiseamláir 2: Cleachtadh cluastuisceana agus teagasc an fhuaimnithe – Bliain 1

Arís, mar gheall ar an éagsúlacht taithí agus cumais i measc mhic léinn na chéad bhliana, ní féidir linn glacadh leis go bhfuair gach mac léinn taithí ar chaint na Gaeltachta ag an dara leibhéal. Cé go mbíonn cúrsaí déanta ag cuid acu sna coláistí samhraidh, ní mheascann cuid mhaith acu le muintir na háite agus iad ann. Chomh maith leis sin, de réir a dtuairisce féin i suirbhé ceistneora a líontar ag tús na chéad bhliana, bíonn cuid acu ann nár éist le RTÉ Raidió na Gaeltachta ná nár amharc ar TG4 nó clár ar bith Gaeilge riamh. Mar bharr air sin, ó tharla gur grúpa aonchineálach iad den chuid is mó – i.e. daltaí iar-Ard-Leibhéil ó thuaisceart na hÉireann a d'fhoghlaim an Ghaeilge ar scoil – is cuma leo faoi bhlas na Gaeltachta a fhad is go dtuigtear taobh istigh dá bpiarghrúpa féin iad. An rud a chuireamar romhainn a dhéanamh ná iad a thumadh sa chaint bheo sa chéad téarma den chéad bhliain agus ansin staidéar foghraíochta a nascadh le cleachtadh san fhuaimniú sa dara téarma.

Téarma 1

Bíonn uair an chloig sa tseachtain ag na mic léinn sa teanglann sa dá théarma. Sa chéad téarma déanann na mic léinn cleachtaí cluastuisceana Vifax atá bunaithe ar mhíreanna nuachta ó TG4 (féach www.nuim.ie/language/vifax.shtml) agus cleachtaí trascríofa bunaithe ar mhíreanna ó chlár grinn ar nós *C.U. Burn* agus *Gleann Ceo*. Léiríonn taighde go n-éascaíonn úsáid físeán digiteach an t-iliomad gnéithe d'fhoghlaim teangacha, mar shampla, sealbhú foclóra, forbairt tuisceana trí leas a bhaint as gnéithe paraitheangacha chomh maith le fuaim, agus scileanna litrithe agus ceapadóireachta nuair a bhíonn gné scríofa mar chuid den tasc (Brett 2000). Cuidíonn an teanglann ilmheán leis an teagascóir timpeallacht foghlama a chruthú ina bhfuil an mac léinn saor le ciall a bhaint as an ábhar teagaisc ar bhealach idirghníomhach tríd an eolas atá acu cheana féin a shíneadh agus trí úsáid a bhaint as ábhair thacaíochta ar nós gluaiseanna, leideanna, foclóirí ar-líne, agus plé lena gcomh-mhic léinn, agus timpeallacht ina bhfuil an teagascóir féin saor le cuidiú aonarach a sholáthar. Aithnítear cothú an neamhspleáchais agus an neamhspleáchais shóisialta mar ghné lárnach de theagasc agus d'fhoghlaim éifeachtach teangacha (Little 2003).

Nuair a úsáidtear na hábhair Vifax, bíonn cóip den fhíseán digiteach ag gach mac léinn chomh maith le doiciméad *MS Word* ina bhfuil na ceisteanna cluastuisceana le fáil agus ina scríobhtar na freagraí. Sa chéad cheathrú den rang tugtar treoracha ginearálta faoin cheacht agus intreoir d'ábhar na scéalta nuachta. Sa chuid láir bíonn na mic léinn ag obair as a stuaim féin ar an cheacht agus bíonn smacht iomlán acu ar an ábhar; is féidir leo dul siar is aniar tríd an fhíseán cibé méid uaireanta is gá. Lena linn seo is féidir leis an teagascóir feitheoireacht a dhéanamh orthu tríd an chóras bainistíochta ranga, ag dul ó scáileán go scáileán óna stáisiún féin ag tosach an tseomra, ag caint leis na mic léinn ina n-aonar trí na cluasáin nó leis an ghrúpa iomlán nuair atá treoracha ginearálta le tabhairt. Sa cheathrú dheiridh den rang, téitear trí na ceisteanna mar ghrúpa, tugtar eolas breise agus déantar soiléiriú ar an ábhar de réir mar is gá, agus sábhálann na mic léinn a gcuid iarrachtaí i

bhfillteán freagraí atá mar chuid de líonra na teanglainne. Bíonn deis ag na mic léinn ansin amharc ar an fhíseán arís agus trascríbhinn den mhír nuachta os a gcomhair amach. Ar aon dul leis na cleachtaí gramadaí, i gcaitheamh na bliana tógtar tacar cleachtaí cluastuisceana a bhíonn ar fáil do na mic léinn san áislann le haghaidh staidéir neamhspleách, agus bíonn rochtain acu ar a gcuid freagraí ó na ranganna le haghaidh comparáide.

Cuidíonn na cleachtaí seo go léir leis na mic léinn a 'thumadh' i nGaeilge mhaith labhartha. Trí na cleachtaí Vifax, faigheann siad blaiseadh de na canúintí éagsúla agus cluineann siad foclóir agus téarmaíocht reatha; sna cleachtaí trascríofa téann siad i dtaithí ar bhlas a gcanúna féin; agus i gcás cainteoirí dúchais, is deis atá ann dóibhsean díriú isteach ar na canúintí eile.

Téarma 2

Sa dara téarma faigheann na mic léinn intreoir don staidéar foghraíochta. Chuige sin úsáidtear na gnáth-théacsleabhair *Bunchúrsa Foghraíochta* (Annuntiata le Muire & Ó hUallacháin 1966), *Cúrsa Tosaigh Foghraíochta* (Ó Murchú 1985) agus *Cleachtaí Foghraíochta* (Ó Baoill 1975), agus uirlis idirghníomhach ar-líne de chuid Ollscoil Iowa (www.uiowa.edu/~acadtech/phonetics/) a léiríonn oibriú an chórais urlabhra go grafach. Cuidíonn an suíomh idirlín seo leis na mic léinn tuiscint a fháil ar theoiric na foghraíochta. Ba é an taithí a bhí againn ar *Cleachtaí Foghraíochta* a úsáid sa teanglann analógach gur éirigh na mic léinn bréan de na cleachtaí i ndiaidh cúpla seachtain agus nach ndeachaigh na cleachtaí i bhfeidhm ar a gcuid fuaimnithe taobh amuigh de na ranganna sin.

Chuireamar romhainn ansin teacht ar bhealach le teoiric na foghraíochta a phlé mar go ndoimhníonn sí tuiscint na mac léinn ar an fhuaimniú, agus cleachtaí ranga a fhorbairt a bheadh níos nádúrtha agus a rachadh i bhfeidhm ar a gcuid fuaimnithe. De réir taighde ar

fhoghraíocht na hidirtheanga (Flege 1980; Major 1987) is mar gheall ar mhúnlú an dara teanga ag an chéad theanga a tharlaíonn earráidí fuaimnithe, agus leigheastar é seo trí phróiseas leanúnach foghlama agus ceartaithe. Mar sin de, nuair atá bunús maith teoirice ag na mic léinn tosaíonn siad ar shraith cleachtaí a forbraíodh le bogearraí na teanglainne a fhéachann le teoiric na foghraíochta, cleachtadh san fhuaimniú, na scileanna cluastuisceana a forbraíodh sa chéad téarma, agus an fhoghlaim mhachnamhach a thabhairt le chéile. Tá trí chéim sna cleachtaí seo:

Céim 1: Éisteann na mic léinn le habairtí gairide atá i bhfoirm dhigiteach agus déanann siad aithris orthu. Bíonn faill acu ansin éisteacht leis an phíosa iomlán agus comparáid a dhéanamh idir iad féin agus an eiseamláir. Tá teimpléad acu a chuidíonn leis an mheasúnú seo agus iarrtar ar na mic léinn téarmaíocht na foghraíochta a úsáid sa chur síos a dhéanann siad orthu féin.

Céim 2: Cuirtear na habairtí céanna ar fáil do na mic léinn mar shraith *mp3*anna. Iarrtar orthu anois na habairtí a bhreacadh síos san fhogharscríobh agus mar chuidiú chuige sin chruthaíomar áis a bhaineann leas as innéacs na bhfuaimeanna i gcúl *Bunchúrsa Foghraíochta* agus an caoga fuaim shamplach ar an cheirnín a bhí ag gabháil leis an leabhar. Is éard atá ann go bunúsach, leathanach *html* a nascann gach comhartha foghraíochta lena fhuaim ón cheirnín i bhfoirm *mp3*. Tig leis na mic léinn ansin imeacht go gasta idir na habairtí, an doiciméad *MS Word* ina mbreacann siad na trascríbhinní agus an t-innéacs fuaimeanna a chuidíonn leo san anailís foghraíochta.

Céim 3: Téann an teagascóir trí gach abairt leis an ghrúpa agus pléitear fuaimniú na n-abairtí agus gnéithe den fhoghraíocht de réir mar is gá. Tá an chéad chéim anseo ag teacht leis an chur chuige in *Cleachtaí Foghraíochta*; níl ann ach go bhfuil na hábhair seo againne níos solúbtha agus go bhfuil smacht againn ar an leibhéal deacrachta, agus chomh maith leis sin tig linn ábhar na n-abairtí a athrú go furasta.

Déanann na mic léinn roinnt gníomhaíochtaí eile sa teanglann a chuidíonn leo tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid fuaimnithe. Ag úsáid *Audacity*, eagarthóir fuaime a bhfuil leagan Gaeilge de ar fáil (http://audacity.sourceforge.net/), déanann na mic léinn taifeadadh orthu féin ag léamh amach píosa téacs. Sábhálann siad na comhaid i bhfillteán freagraí agus ansin tig leo éisteacht leo féin mar go bhfuil rochtain acu go léir ar an fhillteán láir seo. Fiú mura ndéanann na mic léinn ach plé gairid eatarthu féin faoi na taifeadtaí cuidíonn an féinmheasúnú agus an cómheasúnú leo na lochtanna agus na buanna ina gcuid fuaimnithe a aithint. Is féidir *Audacity* agus feidhmiúlacht an chórais bhainistíochta ranga a úsáid fosta leis na mic léinn a ullmhú don scrúdú cainte ag deireadh an téarma. Ullmhaíonn an teagascóir sraith ceisteanna ar aon dul leis an chineál ceiste a chuirtear ar mhic léinn sa scrúdú. Taifeadann an teagascóir na ceisteanna ansin ag fágáil bearna don fhreagra idir na ceisteanna. Nuair a chraoltar na ceisteanna tosaíonn na mic léinn á dtaifeadadh féin ag freagairt na gceisteanna le *Audacity* agus sábhálann siad na comhaid i bhfillteán na bhfreagraí ag an deireadh. Nuair a éisteann na mic léinn leo féin déanann siad féinmheasúnú orthu féin, ag tabhairt airde ar an tslí ar fhreagair siad na ceisteanna, ar líofacht a gcuid cainte, ar a gcuid fuaimnithe agus ar chruinneas na bhfreagraí. I dtaca le hoideolaíocht de, bheadh na gníomhaíochtaí éagsúla seo ag freastal ar dhá chineál próisis chluastuisceana, próisis 'ón bhonn aníos' agus próisis 'ón bharr anuas' (féach Harben 1999). Ba mhaith linn amach anseo, sraith cleachtaí a fhorbairt le seachadadh tríd *WebCT Vista*. Tá bogearraí ar fáil anois, *Wimba Voice Tools* (http://www.wimba.com/products/wimbavoice/), a ligeann do mhic léinn cumarsáid aisioncronach a dhéanamh lena chéile lasmuigh den seomra ranga. Chuideodh cleachtaí san fhuaimniú den chineál seo le mic léinn a mbíonn leisce orthu labhairt amach nó fuaimeanna deacra a thriail sa rang de bharr easpa muiníne.

Eiseamláir 3: An fhoghlaim thascbhunaithe - Bliain 2

Cinneadh i dtosach ar chur chuige na foghlama tascbhunaithe a thriail in ionad ranganna comhrá traidisiúnta, as siocair gur síleadh i measc na dteagascóirí agus na mac léinn go raibh athrú cur chuige de dhíth. Léirigh taighde a rinneamar i measc mac léinn ón dara bliain (i Roinn na Gaeilge agus i Roinn na Fraincise) gur shíl a bhformhór nach raibh an cur chuige traidisiúnta (is é sin, an cineál ranga ina bpléitítí cúrsaí reatha srl. faoi stiúir cúntóra teagaisc nó mic léinn iarchéime) ag cuidiú leo a gcuid scileanna comhrá a chleachtadh nó an teanga a shealbhú. Is iad buntáistí an chur chuige thraidisiúnta ná:

(i) go mbíonn deis ag na mic léinn a gcuid tuairimí a nochtadh;

(ii) gur féidir leis an teagascóir foclóir nó téarmaíocht a sholáthar nuair is gá;

(iii) gur féidir leis an teagascóir an t-ábhar cainte a athrú go furasta mura bhfuil spéis ag na mic léinn ann nó mura bhfuil sé spreagúil.

Is iad míbhuntáistí an chur chuige thraidisiúnta ná:

(i) mar gheall ar an uainíocht a dhéantar de ghnáth i ngrúpaí comhrá, caitheann na mic léinn cuid mhór ama ag éisteacht. Cé nach míbhuntáiste ann féin é sin, cothaíonn an t-eispéireas éighníomhach seo díspreagadh go minic

(ii) go bhfuil neart athróg ann a théann i bhfeidhm ar an rannpháirtíocht aonair i ranganna comhrá agus a mbíonn drochthionchar acu ar líofacht agus ar chruinneas, mar shampla: easpa féinmhuiníne i measc grúpaí móra, easpa inspreagtha, easpa spéise i gcúrsaí reatha.

I gceistneoir a úsáideadh mar chuid den taighde seo, fiafraíodh de na mic léinn cén duine a shíl siad a rinne bunús na cainte sna ranganna comhrá. D'fhreagair thar 90 faoin gcéad acu gurb é an teagascóir a

rinne bunús na cainte agus ní na daoine a raibh an cleachtadh de dhíth orthu. Mar sin de, bhíomar ag súil go méadódh an cur chuige nua ar an rannpháirtíocht aonair agus go gcuideodh sé leis na mic léinn a gcuid scileanna cumarsáide a fhorbairt ar bhealach spéisiúil.

An fáth ar lonnaíodh na ranganna seo sa teanglann ilmheán ná go dteastaíonn neart áiseanna chun tascanna fiúntacha agus éagsúlacht tascanna a dhearadh, agus is timpeallacht í an teanglann ilmheán atá ag cur thar maoil le háiseanna. Chomh maith leis sin, is deis thráthúil sa churaclam atá ann le hoiliúint i scileanna tairbheacha theicneolaíocht na faisnéise a thabhairt do na mic léinn. Tá trí chéim i bhfrámaíocht na foghlama tascbhunaithe a d'úsáideamar (Willis 1996): (1) Intreoir agus cur síos ar an tasc; (2) Timthriall an taisc; agus (3) Fócasú ar cheisteanna teanga.

Agus muid ag ceapadh na dtascanna, b'éigean dúinn féachaint chuige go ligfidís do na mic léinn an sprioctheanga a úsáid mar mhodh cumarsáide chun cuspóir éigin a bhaint amach, is é sin, go ndíreodh na mic léinn ar chuspóir nárbh fhéidir a chur i gcrích gan cumarsáid a dhéanamh. I bhformhór na dtascanna bhí na mic léinn ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Ní hé amháin go gcuidíonn comhoibriú i ngrúpaí beaga mar seo le mic léinn a chur ag caint lena chéile go héifeachtach, ach tá obair ghrúpa den chineál seo riachtanach má tá mic léinn le scileanna tairbheacha ar nós scileanna eagrúcháin agus pleanála a fhoghlaim (Boud, Cohen & Sampson 2001).

Ar na tascanna a thriaileamar go dtí seo tá:

- cumadh crosfhocal ag úsáid *Hot Potatoes*
- dubáil ar fhíseáin ghairide ag úsáid *Windows Movie Maker*
- cumadh pobalmheasanna ag úsáid bogearraí suirbhéireachta (www.freeonlinesurveys.com) agus cur i láthair torthaí taighde ag úsáid *Powerpoint*.

Is féidir cuid de na tascanna a chur i gcrích taobh istigh de rang amháin aon uair an chloig, agus reáchtáiltear cuid acu thar chúpla seachtain. Tá an cur chuige seo anois á thriail againn don tríú babhta, agus táimid tar éis cuid mhaith athruithe a dhéanamh air mar gheall ar aiseolas ó na mic léinn agus ó na teagascóirí. Molann na mic léinn an cur chuige, go háirithe nuair a thuigeann siad nach malairt ar rang comhrá atá ann. Is fearr a oibríonn sé nuair a fheiceann na mic léinn go bhfuil marcanna obair chúrsa le gnóthú as na tascanna a dhéanamh. Mar sin de, ó tharla go bhfuil déantáin na dtascanna go léir sábháilte i bhfoirm leictreonach, is furasta do na mic léinn punann dá gcuid oibre a chruthú i gcaitheamh an téarma. Déantar measúnú ar na punanna ó thaobh chaighdeán agus réimse na teanga iontu. Cuidíonn an chumarsáid a dhéantar sna tascanna, dar ndóigh, le líofacht agus le sealbhú teanga, agus déantar measúnú orthu siúd sa scrúdú cainte. Is fearr a éiríonn leis an chur chuige nuair a reáchtáiltear na codanna sin de na tascanna nach bhfuil ag brath ar áiseanna na teanglainne i ngnáthsheomra ranga. Ar an tslí sin, is fearr a thuigeann na mic léinn gur uirlis atá sa teicneolaíocht agus laghdaítear ar an bhaol go mbainfidh siad ró-úsáid aisti.

Eiseamláir 4: Léann an Aistriúcháin - Bliain 2

Bhí údar an-mhaith againn leis na ranganna seo a lonnú sa teanglann ilmheán. Is ar ríomhairí a chleachtann aistritheoirí a gceird agus tá cuid mhaith de na foinsí tagartha a úsáideann siad idirlíon-bhunaithe. Tá fócas praiticiúil ag an mhodúl seo, mar sin de, cuidíonn feidhmiúlacht na teanglainne linn foinsí ar nós www.focal.ie, www.acmhainn.ie, www.achtanna.ie, Tobar na Gaeilge agus *Win*Gléacht a thaispeáint do na mic léinn agus deis a thabhairt dóibh iad a úsáid. Chomh maith leis na háiseanna sin, úsáidimid *Wiki* – uirlis chumarsáide ar-líne (http://wikkawiki.org/HomePage) – mar áis le cur chuige machnamhach a chur chun cinn agus le cultúr na hoscailteachta a chothú sa mhodúl sa chaoi go mbeidh an rang ar fad ag foghlaim óna

chéile i bhfóram oscailte. Sábháiltear cartlann den obair ranga ar an Wiki, rud a chuidíonn linn marcanna a bhronnadh as rannpháirtíocht ranga mar chuid den mheasúnú leanúnach sa mhodúl.

Conclúid

Thugamar faoin obair seo chun teacht ar dhóigheanna lenár ngnó a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí, leis an fhoghlaim a éascú do mhic léinn agus le timpeallacht spreagúil foghlama a chruthú dár gcuid mac léinn. Tá sé i gceist againn torthaí na dtrialacha ar fad a fhoilsiú ar shuíomh idirlín an Ionaid (ag an seoladh thuas) le go mbeidh oideachasóirí in ann leas a bhaint as ár dtaithí go dtí seo. Ba chóir go dtuigfí nach mbíonn gá i gcónaí le trealamh costasach chun leas a bhaint as áiseanna leictreonacha, agus go bhfuil cuid de na bogearraí is fearr a úsáidimid ar fáil saor in aisce. Os a choinne sin, ba chóir go dtuigfeadh bainisteoirí ollscoileanna agus institiúidí eile tríú leibhéal go bhfuil tairbhe le baint as teicneolaíochtaí ar nós córas bainistíochta ranga, agus nár chóir go samhlófaí a macasamhail le cúrsaí teanga amháin i.e. rachadh an fheidhmiúlacht atá ar fáil i dteanglanna ilmheán ar leas cuid mhór disciplíní, agus d'fhéadfaí ansin costas na hinfheistíochta a roinnt idir dámha nó ranna difriúla.

Tagairtí

Annuntiata le Muire agus Ó hUallacháin, C. 1966/ 1989. *Bunchúrsa Foghraíochta.* Baile Átha Cliath : Oifig an tSoláthair.

Barr, J.D. and Gillespie, J.H. 2003. 'Creating a computer-based language learning environment'. *ReCALL* 15 (1), 68-78.

Boud D., Cohen R. and Sampson, J. 2001. *Peer learning in higher education: learning from & with each other.* London: Kogan Page.

Brett, P. 2000. 'Using computer-based digital video in language learning' in P. Brett and G. Motteram (eds.) *A special interest in computers: learning and teaching with information and communications technologies.* Whitstable: IATEFL, 43-58.

Flege, J. 1980. 'Phonetic Approximation in Second Language Acquisition'. *Language Learning* 30. 117-134.

Gillespie, J.H. (2000) Towards a computer-based learning environment: a pilot study in the use of FirstClass'. *ReCALL* 12 (1), 19-26.

Godwin-Jones, R. 2007. 'Emerging Technologies: Tools and Trends in Self-Paced Language Instruction'. *Language Learning and Technology* 4 (2), 10-17. Aimsíodh an t-alt seo ar an Ghréasán Domhanda 29 Márta 2008: http://llt.msu.edu/vol11num2/emerging/default.html

Harben, P. 1999. 'An exercise in applying pedagogical principles to multimedia CALL materials design.' *ReCALL* 11 (3), 25-33.

Leakey, J. and Ranchoux, A. 2006. 'BLINGUA. A Blended Language Learning Approach for CALL'. *Computer Assisted Language Learning* 19 (nos. 4 & 5). 357-372.

Little, D. 2003. 'Learner autonomy in second/ foreign language learning' in *Guide to Good Practice.* LLAS Subject Centre for Languages, Literature and Area Studies, University of Southampton. Aimsíodh an t-alt seo ar an Ghréasán Domhanda 29 Márta 2008: http://www.llas.ac.uk/resources/goodpractice.aspx?resourceid=1409

Major, R. 1987. 'A Model for Interlanguage Phonology' in Ioup, G. and Weinberger, S. (eds.) *Interlanguage Phonology: the acquisition of a second language sound system.* New York : Newbury House, 101-24.

Ó Baoill, D. 1975. *Cleachtaí Foghraíochta.* Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Dónaill, C. and Mac Coinnigh, M. 2006. 'The Use of CALL in Irish Language Teaching: The Way Forward?' *Computer Assisted Language Learning* 19 (4 & 5). 287-300.

Willis, J. 1996. *A Framework for Task-Based Learning.* London: Longman.